| Riachtanais Speisialta Oideachais san Iar-bhunscolaíocht | **Meitheal Forbartha — Cruinniú 22, 20 Bealtaine, 2025.**<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Miontuairiscí** | Moladh agus comhaontaíodh ar na miontuairiscí. |
| **Nuashonruithe ó pháirtithe leasmhara** | Thug ionadaithe ó Oide agus CNCM nuashonruithe |
| **An tSraith Shóisearach: Nuashonrú ar Threoirlínte an Mhúinteora do Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sóisearaí** | Cuireadh na treoirlínte nuashonraithe faoi bhráid an MF agus tugadh aiseolas. D'aontaigh an MF na doiciméid a athrú ó 'Treoirlínte' go 'Ráitis Chláir' agus rachaidh na doiciméid ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile i bpróiseas forbartha curaclaim CNCM. |
| **Réimsí curaclaim agus comhpháirteanna roghnacha Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí** | Cuireadh roinnt dréacht-réimsí curaclaim agus sruthanna roghnacha faoi bhráid an MF. Thug an MF aiseolas agus d'aontaigh go ndéanfaí na sruthanna roghnacha seo a leanas a chur ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile i bpróiseas forbartha curaclaim CNCM: Amharc-ealaín Leibhéal 1 agus Leibhéal 2; Cúram Pearsanta Leibhéal 1 agus Leibhéal 2; Drámaíocht Leibhéal 1; Cócaireacht Leibhéal 2. |
| **Comhpháirt Roghnach ar Réimse Sainspéise Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí** | Tugadh forléargas ar dhréacht CFL1 sa Drámaíocht agus bhí plé ann i ndiaidh sin. Bailíodh aiseolas ón MF agus déanfaidh an feidhmeannach athbhreithniú air agus cuirfidh sé dréacht nuashonraithe i láthair ag an gcéad chruinniú eile. |
| **Comhpháirt Roghnach Ceoil, Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí** | Tugadh forléargas ar dhréacht chomhpháirteanna roghnacha Ceoil CFL1 agus CFL2 agus bhí plé ann i ndiaidh sin. Bailíodh aiseolas ón MF agus déanfaidh an feidhmeannach athbhreithniú air agus cuirfidh sé dréacht nuashonraithe de gach comhpháirt roghnach i láthair ag an gcéad chruinniú eile. |
| **Na Chéad Chéimeanna Eile** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas le baill na Meithle Forbartha as a gcuid rannpháirtíochta agus chuir sé in iúl go bhfuil glacadh maith le hobair na Meithle ag leibhéal na comhairle.<br><br>**An Chéad Chruinniú Eile:** 29 Lúnasa 2025 |